Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Deireadh Fómhair 2014**
**(OR. en)**

**13525/14**

**COSI 88**
**ENFOPOL 289**
**FRONT 202**
**SIRIS 60**

**NÓTA ÍTIME "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | COREPER/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roime seo: | 12707/4/14 REV 4 |
| Ábhar: | Dréacht Chonclúidí ón gComhairle maidir le leas níos iontaofa a bhaint as bunachar sonraí Interpol i ndáil le Doiciméid atá Goidte nó Caillte (SLTD) |

1. I ndiaidh eitilt MH370 de chuid Malaysian Airlines dul ar iarraidh le déanaí, d'éirigh le beirt náisiúnach ón Iaráin dul ar bord ag baint leas as pasanna a bhí goidte ó Bhallstáit an Aontais. Cé go raibh taifead déanta ag na Ballstáit lena mbaineann ar na pasanna seo i mbunachar sonraí Interpol i ndáil le Doiciméid Taistil atá Goidte nó Caillte (SLTD) agus i gCóras Faisnéise Schengen (SIS), ní dhearna na húdaráis sa tír imeachta, ar tír í sin nach raibh ina Ballstát de chuid an Aontais, seiceáil ag am ar bith orthu i mbunachar sonraí SLTD. Dá ndéanfaí an tseiceáil sin, is lú airde agus acmhainní imscrúdaitheacha a theastódh chun céannachtaí na beirte a fháil amach.

2. Sa chomhthéacs sin, d'ullmhaigh an Uachtaránacht dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le leas níos iontaofa a bhaint as bunachar sonraí Interpol i ndáil le Doiciméid atá Goidte nó Caillte (SLTD) a comhaontaíodh ag cruinniú den Bhuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach an 30 Meán Fómhair 2014.

3. Iarrtar, mar sin, ar COREPER a dheimhniú gur thángthas ar chomhaontú maidir le téacs na ndréacht-Chonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach san iarscríbhinn iad agus iarrtar air freisin iad a chur faoi bhráid na Comhairle lena bhformheas.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le leas níos iontaofa a bhaint as bunachar sonraí Interpol i ndáil le Doiciméid atá Goidte nó Caillte (SLTD)**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS,

AG MEABHRÚ DI gur áiteanna tábhachtacha iad aerfoirt an Aontais Eorpaigh ar cheart aird údaráis fhorghníomhaithe an dlí a dhíriú ar chosc a chur ar phaisinéirí taisteal le doiciméid taistil atá goidte nó caillte agus, dá bhrí sin, dul isteach i gcríoch an Aontais Eorpaigh ag baint leas mídhleathach as pasanna,

AG LEAGAN BÉIME DI go raibh an chomhghníomhaíocht a leanas á hiarraidh in Airteagal 3(4) de Comhsheasamh 2005/69/CGB ón gComhairle an 24 Eanáir 2005 maidir le sonraí áirithe a mhalartú le Interpol[1]: "*Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla atá acu maidir le forfheidhmiú an dlí cuardach ar bhunachar sonraí Interpol don Chomhsheasamh seo gach uair is iomchuí chun an cúram seo a chur i gcrích. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh siad na bonneagair is gá chun comhairliúchán a éascú a luaithe is féidir ach ar a dhéanaí faoin Nollaig 2005",*

AG CUIMHNEAMH DI go ndéantar taifead i mbunachar sonraí SLTD de chuid Interpol ar dhoiciméid taistil atá goidte nó caillte amhail pasanna, cártaí aitheantais, laissez-passer NA nó stampaí víosa, mar aon le doiciméid bhána taistil, agus go bhfuil 43 milliún taifead aige faoi láthair ó 163 tír, lena n-áirítear 28 milliún taifead ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh,

AG MEABHRÚ DI, i gcomhréir le Comhsheasamh 2005/69/CGB ón gComhairle, go dtugann Interpol an deis d'aon Bhallstát iarrthach nasc a dhéanamh le stór sonraí Interpol trí dhá réiteach chomhtháite lena gcumasófar do ghníomhaireachtaí forghníomhaithe an dlí cuardaigh náisiúnta, SIS nó Interpol a chomhtháthú in aon chuardach amháin,

[1] IO L 27, 29.1.2005, lch. 61.

AGUS É Á AITHINT AICI cé go bhfuil Ballstáit uile an Aontais tar éis Airteagal 3(1) de Chomhsheasamh 2005/69/CGB a chur chun feidhme trí na sonraí reatha agus na sonraí amach anseo a sholáthar do Interpol, tá cur chun feidhme Airteagal 3(4) den Chomhsheasamh ag céimeanna éagsúla maidir le feidhmiú agus le húsáid le mórchuid na mBallstát tar éis na huirlisí cuardaigh a chur chun feidhme ina n-iomláine chun cuardaigh a dhéanamh ag an am céanna i SIS agus i SLTD de chuid Interpol,

AG MEABHRÚ DI go bhfuil an leas comhtháite agus córasach a bhaineanna le bunachar sonraí SLTD Interpol curtha in iúl do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ar bhonn rialta tríd an bhfaireachán agus an meastóireacht a rinne an Coimisiún Eorpach mar a léirítear in Airteagal 4 de Chomhsheasamh 2005/69/CGB,

AG AITHINT DI go bhfuil gá freisin le huirlis a chur chun feidhme ina hiomláine do straitéis an Aontais Eorpaigh ar bhainistíocht chomhtháite teorainneacha amhail an uirlis a d'fhorbair Interpol chun na deiseanna a laghdú do choirpigh dul trasna teorainneacha an Aontais Eorpaigh, agus éifeacht a bheith acu dá bhrí sin ar shlándáil inmheánach an Aontais, lena n-áirítear na rioscaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, le hinimirce neamhdhleathach nó le coireacht thromchúiseach agus eagraithe,

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

1. Airteagal 3(4) de Chomhsheasamh 2005/69/CGB a chur chun feidhme ina iomláine sa mhéid go n-áiritheoidh siad go gcuardóidh a n-údaráis inniúla bunachar sonraí SLTD Interpol gach uair is iomchuí chun a gcúraimí a chomhlíonadh. Fillfidh an Chomhairle ar an tsaincheist sin faoi Nollaig 2015;

2. Bainfear leas níos forleithne as an bhféidearthacht atá in Airteagal 7(2) de Chód Teorainneacha Schengen dul i gcomhairle, más iomchuí, ag na teoireannacha seachtracha, leis na bunachair sonraí ábhartha go heisiach maidir le doiciméid atá goidte, mídhílsithe, caillte agus neamhbhailithe, lena n-áirítear doiciméid atá eisithe ag Ballstáit;

3. A áirithiú go ndéanfar na sonraí a bhaineann le doiciméid taistil eisithe agus bhána atá goidte, caillte, mídhílsithe nó neamhbhailithe a mhalartú le INTERPOL.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

1. Faireachán a dhéanamh ar an gComhsheasamh a chur chun feidhme, go háirithe foráil a dhéanamh chun go mbeidh rochtain ag an úsáideoir deiridh ar shonraí SIS agus ar shonraí SLTD de chuid Interpol in aon chuardach amháin, ar an gclúdach náisiúnta atá ann mar aon leis an líon cuardach agus aimsithe;

2. I bhfianaise thorthaí an fhaireacháin dá dtagraítear i bpointe 1, breathnú ar mholadh a chur faoi bhráid na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE, chun tús a chur leis an gcaibidlíocht le Interpol d'fhonn teacht ar chomhaontú lena mbunaítear nasc idir SIS II agus bunachar sonraí SLTD de chuid Interpol, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007[2] lena gcumasaítear d'úsáideoirí deiridh rochtain a fháil ar SIS II agus ar SLTD de chuid Interpol in aon chuardach amháin;

3. Aird speisialta a thabhairt, más rud é go ndéanfar athbhreithniú ar Chód Teorainneacha Schengen, ar an riachtanas a d'fhéadfadh a bheith ann Airteagal 7(2) fomhír 1 de Chód Teorainneacha Schengen a leasú, d'fhonn comhairliúchán ar na bunachair sonraí ábhartha a thabhairt isteach amhail bunachar sonraí SLTD Interpol maidir le doiciméid atá goidte, mídhílsithe, caillte agus neamhbhailithe, lena n-áirítear doiciméid atá eisithe ag Ballstáit, ag na teoireannacha seachtracha, tar éis measúnú foriomlán a dhéanamh agus go háirithe an cur chuige cothrom idir slándáil agus líofacht trasnuithe teorann a chur san áireamh.

IARRANN SÍ AR INTERPOL AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

Teagmháil a dhéanamh le tríú tíortha agus bunachar sonraí SLDT a chuardach agus an leibhéal is airde cáilíochta a áirithiú.

---

[2] IO L 205, 7.8.2007, lch. 63.